Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15901/1/23**
**REV 1**

**CULT 167**
**AUDIO 112**
**SOC 819**
**EMPL 588**
**RECH 524**
**DIGIT 275**
**IND 623**
**PI 183**
**JEUN 273**
**GENDER 209**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngné chultúrtha agus chruthaitheach in earnáil Eorpach na bhfíschluichí a fheabhsú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngné chultúrtha agus chruthaitheach in earnáil Eorpach na bhfíschluichí a fheabhsú, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) iad ag an gcruinniú a bhí aici an 24 Samhain 2023.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le**

**An ghné chultúrtha agus chruthaitheach in earnáil Eorpach na bhfíschluichí a fheabhsú**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI:

1. Tá ról bunúsach ag an gcultúr, agus an luach intreach atá air, agus ag an tsaoirse ealaíne don Aontas Eorpach agus dá shaoránaigh maidir leis an bhféiniúlacht Eorpach a fheabhsú, ár ndaonlathais agus ár luachanna a neartú, forbairt inbhuanaithe, éagsúil agus chuimsitheach a spreagadh agus fás agus fostaíocht a spreagadh[1];

2. Ilchineálacht na sraithe fo-earnálacha atá sna tionscail chruthaitheacha agus chultúrtha, a bhfuil gnéithe coiteanna acu, ach a bhfuil a sainghnéithe agus a réaltachtaí féin acu freisin;

3. An acmhainneacht mhór atá ag earnáil na bhfíschluichí, lena gné chultúrtha, don fhás agus don nuálaíocht trasearnála faoi chuimsiú an aistrithe dhigitigh arna ghlacadh ag an Aontas Eorpach;

[1] Tá meáchan eacnamaíoch ag earnáil na dTionscal Cultúir agus Cruthaitheachta arb ionann é agus 3.95 % de bhreisluach an Aontais (EUR 477 mbilliún), fostaítear 8.02 milliún duine inti agus tá 1.2 milliún gnólacht páirteach inti, de réir *Recovery and Resilience Scoreboard. Thematic analysis. Cultural and Creative Industries. April 2022* [An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta. Anailís théamach. Tionscail Chultúir agus Chruthaitheachta. Aibreán 2022] https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/assets/thematic_analysis/scoreboard_thematic_analysis_culture.pdf

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH:

4. Is cuid lárnach d'éiceachóras na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheach í earnáil na bhfíschluichí. Bíonn idirghníomhú idir an earnáil sin agus earnálacha eile agus tá an-acmhainneacht ann inneachar agus luachanna cultúrtha a chruthú agus a tharchur agus béim a leagan ar shaibhreas agus ar éagsúlacht chruthaitheacht, oidhreacht agus stair na hEorpa, chomh maith le tionchar suntasach a bheith aige ó thaobh cruthú post agus rannchuidiú suntasach á dhéanamh aige le OTI;

5. Cé go bhfuil an Eoraip ar cheann de phríomh-mhargaí an domhain ó thaobh físchluichí de agus luach measta EUR 23.48 billiún air in 2022 agus cé go bhfuil ról lárnach aici i ngach céim dá bhforbairt (ó dhearadh go dáileadh), tá easpa sonraí mionsonraithe, caighdeánaithe agus earnáilsonracha ann;

6. Tá neamhspleáchas agus inbhuanaitheacht thionscal na bhfíschluichí Eorpacha, arb é atá ann den chuid is mó fiontair bheaga agus micrifhiontair[2]agus a bhfuil iomaíocht láidir idirnáisiúnta os a gcomhair chomh maith le déileáil leis an dúshlán a bhaineann le tallann a choinneáil, ag brath ar chumas fhiontair na hEorpa a bheith saor i gcónaí chun a roghanna ealaíonta agus straitéiseacha féin a dhéanamh;

[2] Fostaíonn 80 % den 4 600 cuideachta atá ann cheana níos lú ná deichniúr fostaithe (*European Media Industry Outlook* [An Dearcadh maidir le Tionscal Eorpach na Meán] – SWD (2023) 150 final, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin).

7. San Aontas Eorpach, bíonn idir óg agus aosta ina n-úsáideoirí físchluichí, ach na daoine is óige go háirithe[3][4][5]. Dá bhrí sin, ba cheart dea-bhail leanaí agus daoine óga a chur san áireamh go láidir agus aghaidh á tabhairt ar na beartais d'earnáil na bhfíschluichí;

8. Ba cheart leanúint den dul chun cinn agus de na hiarrachtaí atá á ndéanamh sna réimsí i leith acmhainneacht mhór na bhfíschluichí maidir le hathruithe dearfacha cultúrtha agus sóisialta a chur chun cinn, acmhainneacht láidir na bhfíschluichí chun dul i ngleic le gach cineál idirdhealaithe agus fuatha, agus acmhainneacht dhomhain na bhfíschluichí chun éagsúlacht agus iolrachas ár sochaithe, agus mná agus grúpaí eile atá faoi ghannionadaíocht, a léiriú in earnáil na bhfíschluichí, agus ba cheart an dul chun cinn agus na hiarrachtaí sin a spreagadh;

9. Tá slabhra luacha leathan ag físchluichí, mar shaothair chasta chruthaitheacha a bhfuil luach uathúil cruthaitheach[6] ag baint leo, slabhra ina bhfuil ról suntasach ag cearta agus sócmhainní maoine intleachtúla maidir le hiomaíochas agus nuálaíocht mhéadaithe agus ba cheart a chosaint chun a áirithiú go mbeidh tallann, cruthaitheacht, nuálaíocht agus forbairt theicneolaíoch faoi bhláth;

---

[3] Ioncam EUR 179 mbilliún a bhí sa mhargadh domhanda in 2022, arb ionann é agus fás bliantúil 5.4 % (*European Media Industry Outlook* [An Dearcadh maidir le Tionscal Eorpach na Meán] – SWD (2023) 150 final, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin).

[4] Meastar gurb ionann an sciar Eorpach agus 7.3 % in 2025, i gcomparáid le 8.7 % in 2017 (*European Media Industry Outlook* [An Dearcadh maidir le Tionscal Eorpach na Meán] – SWD (2023) 150 final, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin).

[5] Cé gurb é 31 bhliain meánaois na n-imreoirí, is úsáideoirí físchluichí iad níos mó ná 70 % d'Eorpaigh óga idir 6 agus 24 bliana d'aois (*European Media Industry Outlook* [An Dearcadh maidir le Tionscal Eorpach na Meán] – SWD (2023) 150 final, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin).

[6] Chun críoch na gconclúidí seo ón gComhairle, is é an sainmhíniú ar fhíschluichí an sainmhíniú a aithníonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (cás C-355/12).

10. Baineann cruthú cluichí físeáin le cur i bhfeidhm ardteicneolaíochtaí a d'fhéadfadh cur le forbairt samhlacha gnó nua trí, mar shampla, dhomhain fhíorúla. D'fhéadfadh sé gur bealach breise é sin chun fás cultúrtha agus cruthaitheach a chothú, chomh maith le réimsí beartais eile a fhorbairt, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint, a bhaineann go speisialta le litearthacht meáin agus scileanna STEAM[7] a fhorbairt;

11. Áirítear i bPlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Chultúr don tréimhse 2023-2026 'Feabhas a chur ar ghné chultúrtha agus chruthaitheach earnáil Eorpach na bhfíschluichí' mar cheann de na príomhghníomhaíochtaí atá le déanamh i gcomhthéacs an réimse tosaíochta 'Ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha: na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a chumhachtú';

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

12. Féachaint ar na roghanna ábhartha uile chun creat tacaíochta a chur chun feidhme atá dírithe ar ghné chruthaitheach agus chultúrtha na bhfíschluichí a chur chun cinn agus anailís a dhéanamh ar an bhféidearthacht sásraí cistiúcháin éagsúla a thabhairt isteach, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, inspioráid a thógáil ó na sásraí sin atá i bhfeidhm d'earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha eile cheana féin ar nós an tionscail closamhairc, na dálaí a chothú chun go bhféadfaidh cruthaitheoirí agus na cuideachtaí a bhí rannpháirteach ina gcruthú agus ina bhforbairt cearta maoine intleachtúla a chaomhnú agus a shaothrú, agus iad a chaomhnú mar chuid d'earnáil chruthaitheach agus d'oidhreacht chultúrtha na hEorpa;

13. Machnamh a dhéanamh ar thacaíocht a thabhairt, i gcomhar le hearnáil na bhfíschluichí, do thionscnaimh ag a bhfuil sé mar aidhm físchluichí Eorpacha a chaomhnú mar shócmhainn chultúrtha agus do shineirgí laistigh d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta chun gné chultúrtha Eorpach na bhfíschluichí a fheabhsú, i.e. sonraí oidhreachta cultúrtha a athúsáid sa phróiseas cruthaitheach, agus tionscadail agus comhar atá ann cheana le hinstitiúidí cultúrtha eile á gcur san áireamh;.

---

[7] Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus an Mhatamaitic.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

14. Faisnéis maidir le hearnáil na bhfíschluichí a fheabhsú trí aghaidh a thabhairt ar chaighdeánú agus feabhsú sonraí agus staidreamh i gcomhar le hearnáil na bhfíschluichí, agus an t-athbhreithniú ar Aicmiú Staidrimh Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha san Aontas Eorpach (NACE[8]) a mheas mar bhealach chun rochtain ar shonraí earnáilsonracha a fheabhsú;

15. Faisnéis agus dea-chleachtais a chomhroinnt agus a scaipeadh, go háirithe maidir le cúnamh poiblí a thacaíonn le físchluichí, bearta éifeachtacha a rannchuidíonn le héagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch agus comhionannas, rochtain ar mhaoiniú agus tacaíocht do thaighde, d'fhorbairt agus don nuálaíocht agus do ghnólachtaí nuathionscanta, agus forbairt inbhuanaithe earnáil na bhfíschluichí;

16. Dea-chleachtais a mhalartú agus machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí chun dálaí fáis níos fearr a chothú d'fhiontair físchluichí Eorpacha, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta, lena n-éascaítear an nuálaíocht agus a lánpháirtiú agus a n-iontráil rianúil sa mhargadh, rochtain ar mhaoiniú agus ar mhaoiniú príobháideach, agus ar an gcaoi sin cuidiú le brúnna ar mhaoiniú poiblí a laghdú agus foinsí nua a chruthú;

17. Tallann agus tionscnaimh a mhealladh agus a chur chun cinn atá dírithe ar oideachas agus oiliúint speisialaithe a chur ar fáil i ngairmeacha atá nasctha le tionscal na bhfíschluichí agus a bhfuil idirphlé straitéiseach leis an earnáil chun na riachtanais a léiriú ag tacú leis, agus díriú ar shaintréithe cultúrtha, cruthaitheacha, teicniúla, dlíthiúla agus eacnamaíocha na ngairmeacha sin chomh maith leis an gcreat maoine intleachtúla is infheidhme, agus feabhas a chur ar a gcomhtháthú agus a gcoinneáil inbhuanaithe i margadh fostaíochta na hEorpa, agus aghaidh a thabhairt freisin ar dhúshláin a bhaineann le scaipeadh tallann;

18. Éagsúlacht teanga agus an rochtain atá ag imreoirí nua agus an teagmháil leo a chothú, lena n-áirítear trí logánú físchluichí ag an tionscal;

---

[8] Ainmníocht na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach.

19. Tionscnaimh a chur chun cinn atá dírithe ar úsáideoirí a chosaint agus timpeallacht shábháilte ar líne a chinntiú le haghaidh físchluichí, agus idirphlé a bheith ar bun go leanúnach leis na geallsealbhóirí, go háirithe litearthacht meáin mar mhodh chun ardfheasacht a mhúscailt maidir le cluichíocht fhreagrach agus chun iompraíocht dhíobhálach a chosc;

20. Tacú, trí chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha, le hinrochtaineacht, scileanna a fheabhsú trí fhíschluichí, cosaint agus dea-bhail grúpaí leochaileacha agus físchluichí á n-úsáid acu, go háirithe daoine óga agus leanaí, agus go háirithe trí fhorbairt feachtas faisnéise agus ionstraimí a chosnaíonn mionaoisigh ar nós uirlisí rialaithe tuismitheoirí agus córais rátála aoise a spreagadh.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, FAOI CHUIMSIÚ A INNIÚLACHTA,

21. Féachaint an bhféadfaí straitéis Eorpach físchluichí a mholadh lena mbreithneofaí dúshláin na tionsclaíochta agus na dtomhaltóirí, go háirithe na grúpaí leochaileacha ar nós leanaí agus daoine óga, lena gcuirfear luachanna Eorpacha agus an éagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch chun cinn, agus saoirse ealaíonta á cosaint ag an am céanna, agus lena gcuirfear le forbairt acmhainneacht eacnamaíoch, shóisialta, oideachasúil, chultúrtha agus nuálach na hearnála físchluichí agus ag an am céanna a ceannaireacht a bhaint amach sa mhargadh domhanda físchluichí;

22. Aird a thabhairt, i gcás inarb ábhartha, ar Straitéis um Comhionannas Inscne 2020-2025 ón gCoimisiún Eorpach, comhionannas a chur chun cinn in earnáil na bhfíschluichí chun cothromaíocht inscne a chinntiú agus chun pá comhionann, timpeallachtaí gairmiúla cuimsitheacha agus ionadaíocht éagsúil a chur chun cinn ag gach céim d’fhorbairt thionscal na bhfíschluichí, i.e. trí iontráil ghairme agus forbairt gairme a chothú, pleananna chun dul i ngleic le foréigean inscnebhunaithe; agus freisin, gan steiréitíopaí a chruthú, a bhuanú nó a ghéarú;

23. Comhar trasteorann a spreagadh in earnáil na bhfíschluichí agus, freisin, le tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha eile agus le hearnálacha eile de gheilleagar na hEorpa, chun leas a bhaint as na deiseanna agus na sineirgí a ghabhann le comhar i dtéarmaí cistiúcháin, acmhainní, infheictheachta agus saineolais, agus chun iomaíochas agus seasamh idirnáisiúnta a fheabhsú;

24. Tacú le hiomaíochas agus neamhspleáchas na gcuideachtaí atá in earnáil Eorpach na bhfíschluichí agus iad a spreagadh, go háirithe FBManna, trí athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na rialacha maidir le státchabhair, go háirithe, i gcás inarb iomchuí, faoi chuimsiú athbhreithniú ar an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine, agus trí chláir agus cistí Eorpacha iomchuí.

**IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN**

Na Tagairtí

- Teachtaireacht ón gCoimisiún *An EU initiative on Web 4.0 and virtual worlds: a head start in the next technological transition* [Tionscnamh de chuid an Aontais maidir le Web 4.0 agus domhain fhíorula: tús maith sa chéad aistriú teicneolaíoch eile] – SWD (2023) 250, 11 Iúil 2023;
- *European Media Industry Outlook* [An Dearcadh maidir le Tionscal Eorpach na Meán] - SWD (2023) 150 final, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, an 22 Bealtaine 2023;
- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2023 maidir le cosaint tomhaltóirí i bhfíschluichí ar líne: cur chuige don mhargadh aonair Eorpach (2022/2014(INI));
- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2022 maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh Nua le haghaidh an Chultúir agus Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Caidreamh Cultúrtha Idirnáisiúnta. (2022/2047(INI));
- Rún ón gComhairle maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 (IO C 466, 7.12.2022);
- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Samhain 2022 maidir le ríomhspóirt agus físchluichí (2022/2027(INI));
- Teachtaireacht ón gCoimisiún *A digital decade for Children and youth, the new European Strategy for Better Internet for kids* [Deich mbliana digiteacha do Leanaí agus don Óige, an Straitéis Eorpach nua maidir le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí] an 11 Bealtaine 2022 - COM (2022) 212 final;
- Conclúidí ón gComhairle an 13 Aibreán 2022 maidir le Straitéis Eorpach a fhorbairt d’Éiceachóras Thionscail an Chultúir agus na Cruthaitheachta (2022/C 160/06);
- Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, *Annual Single Market Performance Report 2021* [Tuarascáil 2021 ar Fheidhmíocht an Mhargaidh Aonair], (SWD2021/351 final).

- *Recovery and Resilience Scoreboard Thematic Analysis on Cultural and Creative Industries* [Anailís Théamach sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta ar Thionscail Chultúrtha agus Chruthaitheacha] (Aibreán 2022);

- Conclúidí ón gComhairle an 13 Nollaig 2021 maidir le hinfhaighteacht agus iomaíochas ábhair Eorpaigh closamhairc agus meán a mhéadú (2021/C 501 I/02);

- Conclúidí ón gComhairle an 3 Meitheamh 2021 maidir le 'Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú le Téarnamh agus Claochlú (2021/C 210/01);

- Conclúidí ón gComhairle an 2 Meitheamh 2021 maidir le téarnamh, athléimneacht agus inbhuaine na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta (2021/C 209/03);

- Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013;

- Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Iúil 2020 maidir leis an bplean téarnaimh agus an creat airgeadais ilbhliantúil do 2021-2027;

- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an chomhionannais: an straitéis um chomhionannas inscne 2020-2025] an 5 Márta 2020 - COM (2020) 152 final

- Conclúidí ón gComhairle maidir le crosmhalartuithe ó earnáil an chultúir agus ó earnáil na cruthaitheachta chun an nuálaíocht, an inbhuanaitheacht eacnamaíochta agus an cuimsiú sóisialta a spreagadh (2015/C 172/04);

- Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lgh. 1-78) agus leasuithe comhleanúnacha ('an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine' nó RGBD).

---